Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10724 — ITOCHU / UNDER ARMOUR / DOME)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 210/17)

1. An 17 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— ITOCHU Corporation ("Itochu", an tSeapáin);

— Under Armour Europe ("Under Armour", an Ísiltír), fochuideachta 100 % de Under Armour Inc. ("Under Armour Inc", SAM);

— Dome Corporation, ("Dome", an tSeapáin).

Gheobhaidh Itochu agus Under Armour comhrialú ar Dome ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— maidir le Itochu: cuideachta arna liostú ar stocmhalartán atá gníomhach i réimse leathan tionscal, lena n-áirítear i monarú teicstíle, i measc nithe eile.

— maidir le Under Armour: cuideachta arna liostú ar stocmhalartán atá gníomhach in éadach (éadach spóirt agus éadach neamhfhoirmeálta), coisbheart agus gabhálais spóirt a fhorbairt, a chur ar an margadh agus a dháileadh.

— maidir le Dome: cuideachta phoiblí theoranta a dhíolann (mar mhiondíoltóir), a dháileann agus a fhógraíonn éadach spóirt agus coisbheart spóirt de bhranda "Under Armour" de chuid Under Armour sa tSeapáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10724 – ITOCHU / UNDER ARMOUR / DOME

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË